Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7855/23**

**PECHE 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 170 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA i leith tharmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(2), Airteagal 15(2), (3), (6), (7) agus Airteagal 45(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 170 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 170 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2023
COM(2023) 170 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**i leith tharmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(2), Airteagal 15(2), (3), (6), (7) agus Airteagal 45(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh**

## 1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[1] ('Rialachán CBI'), cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus bainistiú iascach agus cabhlach a shaothraíonn na hacmhainní sin; agus

(b) maidir le bearta i ndáil le margaí agus maidir le bearta airgeadais lena dtacaítear le cur i bhfeidhm CBI: acmhainní bitheolaíocha fionnuisce, dobharshaothrú agus próiseáil agus margaíocht táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

Leasaíodh an Rialachán seo cúig huaire: in 2014[2], 2015[3], 2017[4], 2019[5] agus 2022[6].

Chun cuspóirí Rialachán CBI a chomhlíonadh, agus go háirithe chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus na socheacnamaíochta de, déantar an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Is féidir leis an gCoimisiún an chumhacht sin[7] a úsáid chun bearta caomhnaithe a ghlacadh a ghabhann le hoibleagáidí comhshaoil áirithe ar na Ballstáit[8] a n-oibleagáidí faoi Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[9] (MSFD), faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin[10] nó faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga[11] a

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1385/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 850/98 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009, (AE) Uimh. 1379/2013 agus (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tar éis an leasaithe ar stádas Mayotte maidir leis an Aontas Eorpach.

[3] Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2187/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 2347/2002 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013 agus (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1434/98 ón gComhairle.

[4] Rialachán (AE) 2017/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

[5] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle.

[6] Rialachán (AE) 2022/2495 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais.

[7] Dá bhforáiltear in aithris (67) de Rialachán CBI.

[8] Dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán CBI

[9] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)

[10] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú

chomhlíonadh, chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme agus chun rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gComhairlí Comhairleacha a bhunú. Cuireadh Comhairle Chomhairleach ar bun[12] le haghaidh gach limistéar geografach nó le haghaidh gach réimse inniúlachta chun ionadaíocht chothrom ar na páirtithe leasmhara uile a chur chun cinn agus chun rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Rialachán CBI. Tá na Comhairlí Comhairleacha comhdhéanta d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na hoibreoirí iascaigh agus dobharshaothraithe agus de na hearnálacha próiseála agus margaíochta, chomh maith le grúpaí leasmhara eile (amhail eagraíochtaí comhshaoil agus grúpaí tomhaltóirí).

Leagtar amach in Airteagal 46 de Rialachán CBI na coinníollacha faoinar féidir leis an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

## 2. Bunús dlí

Ceanglaítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 46(2) de Rialachán CBI. De réir na forála sin, na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2), Airteagal 15(2), (3), (6), (7) agus Airteagal 45(4), tugtar iad don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 29 Nollaig 2013. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na gcumhachtaí tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. An chéad tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse ó fhoilsiú Rialachán CBI (an 11 Nollaig 2013) go dtí an 1 Nollaig 2017, foilsíodh í an 26 Feabhra 2018[13] agus glacadh í roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana an 29 Nollaig 2018. Cuirtear síneadh go huathoibríoch leis na cumhachtaí tarmligthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh síneadh ama den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán CBI. In éagmais aon fhreasúra ó na comhreachtóirí, cuireadh síneadh 5 bliana eile le tarmligean na gcumhachtaí go hintuigthe, go dtí an 29 Nollaig 2023.

Le Rialachán CBI tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

a) na bearta caomhnaithe is gá chun oibleagáidí áirithe faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh (Airteagal 11(2) de Rialachán CBI);

b) oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhtháthú i ndlí an Aontais, lena n-áirítear, go háirithe, maoluithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír (Airteagal 15(2) de Rialachán CBI);

c) cur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a leathnú chuig speicis seachas na speicis sin a liostaítear in Airteagal 15(1) i gcás ina gcuirtear moladh comhpháirteach chun na críche sin faoi bhráid an Choimisiúin (Airteagal 15(3) de Rialachán CBI);

d) pleananna sonracha sealadacha maidir le hábhar muirí aischurtha a bhunú ina mbeidh, i measc díolúintí eile, díolúintí *de minimis* agus ardmharthanais ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ar feadh tréimhse shealadach nach faide ná 3 bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a

11 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú

12 Dá bhforáiltear in Airteagail 43 – 45 de Rialachán CBI.

13 COM(2018) 79 final.

athnuachan ar feadh tréimhse iomlán 3 bliana eile, i gcás nach nglacfar aon phlean ilbhliantúil ná aon phlean bainistíochta don iascach atá i gceist (Airteagal 15(6) de Rialachán CBI);

e) díolúintí *de minimis* ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a shocrú nach mó ná 5 % de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas uile a bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leo faoi Airteagal 15(1), i gcás nár glacadh aon bheart chun na críche sin i bplean ilbhliantúil ná i bplean sonrach maidir le hábhar muirí aischurtha (Airteagal 15(7) de Rialachán CBI); agus

f) rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le feidhmiú na gComhairlí Comhairleacha (Airteagal 45(4) de Rialachán CBI).

Ní chumhdaítear leis an tuarascáil seo gníomhartha tarmligthe a bhfuil ábhar comhchosúil iontu ach a glacadh bunaithe ar chumhachtuithe rialachán seachas Rialachán CBI. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás bearta teicniúla arna nglacadh ar bhonn airteagail ábhartha an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla[14]. Ní chumhdaítear leis an tuarascáil seo ach an oiread gníomhartha tarmligthe lena leagtar amach bearta chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, arna glacadh ar bhonn na n-airteagal seo a leanas, a chur chun feidhme:

1) Airteagal 7 de phlean ilbhliantúil Mhuir Bhailt[15];
2) Airteagal 11 de phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh[16];
3) Airteagal 13 de phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair[17];
4) Airteagal 14 de phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar[18].

Déanfaidh an Coimisiún tuarascálacha a tharraingt suas maidir le tarmligean na gcumhachtaí a thugtar dó leis na rialacháin sin de réir a gcoinníollacha faoi seach.

[14] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019).

[15] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

[16] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018).

[17] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

[18] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019).

## 3. Tarmligean na gcumhachtaí a fheidhmiú

3.1. Gnéithe nós imeachta

Tá cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin, arna ndeonú faoi Airteagal 11(2) agus Airteagal 15(3) agus (6) de Rialachán CBI, faoi réir réigiúnaithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 18. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu a ndéanann na bearta lena mbaineann difear dóibh a chomhaontú go gcuirfear moltaí comhpháirteacha isteach chun cuspóirí bhearta caomhnaithe ábhartha an Aontais nó an phlean shonraigh maidir le hábhar muirí aischurtha a bhaint amach. Agus moltaí comhpháirteacha á múnlú acu le haghaidh gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún faoi réigiúnú, ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha ábhartha. Mura n-aontaíonn na Ballstáit ar mholtaí comhpháirteacha nó má mheastar go bhfuil na moltaí comhpháirteacha ar neamhréir le cuspóirí agus spriocanna inchainníochtaithe na mbeart caomhnaithe atá i gceist, féadfaidh an Coimisiún togra a chur isteach le haghaidh bearta iomchuí i gcomhréir leis an gConradh. I ngach imchuach farraige, cé is moite den Mhuir Dhubh nach mbaineann ach dhá Bhallstát léi, comhoibríonn roinnt Ballstát maidir le bearta caomhnaithe dá n-iascaigh laistigh de ghrúpaí réigiúnacha na mBallstát. Tá seacht ngrúpa den sórt sin i bhfeidhm: BaltFish; grúpa Uiscí an Iarthuaiscirt; grúpa Scheveningen; grúpa Uiscí an Iardheiscirt; PescaMed; ADRIATICA; agus SudEstMed.

I gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis na ceanglais, cuireadh na dréachtghníomhartha tarmligthe atá bunaithe ar Airteagal 11(2) agus ar Airteagal 15(3), (6) agus (7) de Rialachán CBI faoi bhráid an Choiste Eolaíoch, Theicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) a bunaíodh le Cinneadh 2005/629/CE ón gCoimisiún[19] chun an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil a chur san áireamh.

Chuaigh na Ballstáit i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha ábhartha freisin agus na moltaí comhpháirteacha á bhfoirmliú acu. Pléadh roinnt gníomhartha freisin le linn chruinnithe comhordúcháin rialta an Choimisiúin leis na Comhairlí Comhairleacha uile (cruinnithe comhordúcháin idir Comhairlí Comhairleacha).

Ar deireadh, cuireadh na dréachtghníomhartha tarmligthe uile atá bunaithe ar na cumhachtuithe a áirítear i Rialachán CBI faoi bhráid an tSainghrúpa um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh chun comhairliúchán iomchuí le saineolaithe a áirithiú chun gníomhartha tarmligthe a ullmhú. Tugtar cuireadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach freastal ar chruinnithe an tSainghrúpa sin mar bhreathnóirí. Rinneadh na doiciméid a bhí ábhartha maidir leis na comhairliúcháin sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go comhuaineach, i gcomhréir leis an gComhthuiscint maidir le gníomhartha tarmligthe. Tar éis a nglactha, cuireadh na gníomhartha tarmligthe uile in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Go dtí seo, tá agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa i gcoinne gníomh tarmligthe amháin a ghlac an Coimisiún faoi Rialachán CBI maidir le cosaint na muirthimpeallachta sa Mhuir Thuaidh[20]. Rinne sé amhlaidh laistigh de 2 mhí, i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán CBI. Dá

[19] Cinneadh 2005/629/CE ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2005 lena mbunaítear Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (IO L 225, 31.8.2005, lch. 18).

[20] Rialachán Tarmligthe (AE) …/… ón gCoimisiún an 2 Márta 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint (C(2018)01194).

bhrí sin, níor tháinig an togra sin i bhfeidhm. I gcás roinnt gníomhartha tarmligthe eile, d'iarr Parlaimint na hEorpa síneadh 2 mhí eile a chur leis an spriocdháta.

3.2. Liosta na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Rialachán CBI

Liostaítear thíos na gníomhartha tarmligthe uile a ghlac an Coimisiún ón 2 Nollaig 2017. Déantar iad a aicmiú de réir stádas dlíthiúil (gníomhartha atá i bhfeidhm, gníomhartha atá faoi ghrinnscrúdú agus aisghairthe nó gníomhartha atá imithe in éag). Tugadh an liosta cothrom le dáta go deireanach an 1 Eanáir 2023 agus léirítear leis staid na himeartha an dáta céanna.

### *3.2.1. GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE ATÁ I BHFEIDHM*

a) Faoi Airteagal 11(2) de Rialachán CBI

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/340 ón gCoimisiún** an 8 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe in Sylter Aussenriff, Borkum-Riffgrund, Doggerbank agus Östliche Deutsche Bucht, agus in Klaverbank, Friese Front agus Centrale Oestergronden[21].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/952 ón gCoimisiún** an 9 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint[22].

b) Faoi Airteagal 15(2) de Rialachán CBI

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/824 ón gCoimisiún** an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh[23].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2200 ón gCoimisiún** an 10 Iúil 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh[24].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/191 ón gCoimisiún** an 30 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, maidir le stoc colgán na Meánmhara[25].

c) Faoi Airteagal 15(3) agus (6) de Rialachán CBI

[21] IO L 48, 16.2.2023, lch. 1.
[22] IO L 165, 21.6.2022, lgh. 1-22.
[23] IO L 147, 30.5.2022, lch. 1.
[24] IO L 332, 23.12.2019, lch. 1.
[25] IO L 36, 9.2.2018, lch. 13.

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2287 ón gCoimisiún** an 12 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an díolúine ard-inmharthanachta ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh turbard sa Mhuir Dhubh[26];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 ón gCoimisiún** an 25 Lúnasa 2021 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh[27].

d) Faoi Airteagal 15(7) de Rialachán CBI

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/161 ón gCoimisiún** an 23 Deireadh Fómhair 2017 lena mbunaítear díolúine *de minimis* ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh pheiligeacha bheaga áirithe sa Mheánmhuir[28];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2012 ón gCoimisiún** an 5 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/161 lena mbunaítear díolúine *de minimis* ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh pheiligeacha bheaga áirithe sa Mheánmhuir, a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme[29]
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2064 ón gCoimisiún** an 25 Lúnasa 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúine *de minimis* a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas[30].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2564 ón gCoimisiún** an 16 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2064 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine *de minimis* a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas[31].

e) Faoi Airteagal 45(4) de Rialachán CBI

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/204 ón gCoimisiún** an 8 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/242 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gComhairlí Comhairleacha faoin gComhbheartas Iascaigh[32].

### *3.2.2. GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLAC AN COIMISIÚN ACH NACH BHFUIL I BHFEIDHM GO FÓILL (GNÍOMHARTHA ATÁ FAOI GHRINNSCRÚDÚ)*

a) Faoi Airteagal 11(2) de Rialachán CBI

Dada

b) Faoi Airteagal 15(2) de Rialachán CBI

Dada

26 IO L 303, 23.11.2022, lch. 1.
27 IO L 421, 26.11.2021, lch. 14.
28 IO L 30, 2.2.2018, lch. 1.
29 IO L 415, 10.12.2020, lch. 1.
30 IO L 421, 26.11.2021, lch. 9.
31 IO L 330, 23.12.2022, lch. 126.
32 IO L 34, 16.2.2022, lch. 1.

c) Faoi Airteagal 15(3) agus (6) de Rialachán CBI

Dada

d) Faoi Airteagal 15(7) de Rialachán CBI

Dada

e) Faoi Airteagal 45(4) de Rialachán CBI

Dada

### *3.2.3. GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A AISGHAIREADH NÓ A D'IMIGH IN ÉAG*

a) Faoi Airteagal 11(2) de Rialachán CBI

Dada

b) Faoi Airteagal 15(2) de Rialachán CBI

Dada

c) Faoi Airteagal 15(3) agus (6) de Rialachán CBI

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/44 ón gCoimisiún** an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2374 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iardheiscirt[33];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/45 ón gCoimisiún** an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mhuir Thuaidh agus in uiscí an Aontais de Roinn IIa ICES don bhliain 2018[34];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/46 ón gCoimisiún** an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill agus iascaigh dhomhainfharraige áirithe in uiscí an Iarthuaiscirt don bhliain 2018[35];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/153 ón gCoimisiún** an 23 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir[36].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/211 ón gCoimisiún** an 21 Samhain 2017 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha a mhéid a bhaineann leis an mbradán i Muir Bhailt[37];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/188 ón gCoimisiún** an 21 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1394/2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh pheiligeacha áirithe in uiscí an Iardheiscirt[38];

---

33 IO L 7, 12.1.2018, lch. 1.
34 IO L 7, 12.1.2018, lch. 6.
35 IO L 7, 12.1.2018, lch. 13.
36 IO L 29, 1.2.2018, lch. 1.
37 IO L 41, 14.2.2018, lch. 1.
38 IO L 36, 9.2.2018, lch. 1.

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/189 ón gCoimisiún** an 23 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1395/2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh pheiligeacha bheaga áirithe agus d'iascaigh a oibrítear chun críoch tionsclaíoch sa Mhuir Thuaidh[39];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/190 ón gCoimisiún** an 24 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1393/2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh pheiligeacha áirithe in uiscí an Iarthuaiscirt[40];
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2033 ón gCoimisiún** an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iardheiscirt don tréimhse 2019-2021[41].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2034 ón gCoimisiún** an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iarthuaiscirt don tréimhse 2019-2021[42].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2035 ón gCoimisiún** an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena sonraítear mionsonraí chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill áirithe sa Mhuir Thuaidh don tréimhse 2019-2021[43].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2036 ón gCoimisiún** an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir[44].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/905 ón gCoimisiún** an 13 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2034 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iarthuaiscirt don tréimhse 2019-2021[45].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/906 ón gCoimisiún** an 13 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/2035 lena sonraítear mionsonraí chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill áirithe sa Mhuir Thuaidh don tréimhse 2019-2021[46].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1759 ón gCoimisiún** an 28 Lúnasa 2020 lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1394/2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh pheiligeacha áirithe in uiscí an Iardheiscirt[47].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/3 ón gCoimisiún** an 28 Lúnasa 2019 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh na mbreallach maighdeogach (Venus spp.) in uiscí teorann áirithe na hIodáile[48].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/4 ón gCoimisiún** an 29 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir[49].
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2237 ón gCoimisiún** an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena sonraítear mionsonraí maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill áirithe in uiscí an Iardheiscirt don tréimhse 2020-2021[50].

---

39 IO L 36, 9.2.2018, lch. 4.
40 IO L 36, 9.2.2018, lch. 8.
41 IO L 327, 21.12.2018, lch. 1.
42 IO L 327, 21.12.2018, lch. 8.
43 IO L 327, 21.12.2018, lch. 17.
44 IO L 327, 21.12.2018, lch. 27.
45 IO L 145, 4.6.2019, lch. 2.
46 IO L 145, 4.6.2019, lch. 4.
47 IO L 397, 26.11.2020, lch. 4.
48 IO L 2, 6.1.2020, lch. 1.
49 IO L 2, 6.1.2020, lch. 5.
50 IO L 336, 30.12.2019, lch. 26.

- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2237 ón gCoimisiún** an 13 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/3 a mhéid a bhaineann leis an maolú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe na mbreallach maighdeogach (Venus spp.) in uiscí teorann áirithe na hIodáile[51]
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1759 ón gCoimisiún** an 28 Lúnasa 2020 lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1394/2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh pheiligeacha áirithe in uiscí an Iardheiscirt[52].

d) Faoi Airteagal 15(7) de Rialachán CBI

Dada

e) Faoi Airteagal 45(4) de Rialachán CBI

Dada

**4. Conclúid**

Measann an Coimisiún gur fheidhmigh sé a chumhachtaí tarmligthe faoi chuimsiú Rialachán CBI.

Ba cheart tarmligean na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 11(2), Airteagal 15(2), (3), (6), (7) agus Airteagal 45(4) de Rialachán CBI a leathnú i gcomhréir le hAirteagal 46(2) den Rialachán céanna, chun rannchuidiú lena chuspóirí a bhaint amach.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[51] IO L 436, 28.12.2020, lch. 1.
[52] IO L 397, 26.11.2020, lch. 4.